An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Treoir Mhúinteora um Shábháilteacht Feirme do Dhaltaí Bunscoile

## Torthaí foghlama

Faoi dheireadh an chur i láthair seo, beidh leanaí in ann:

- An tábhacht a bhaineann le bheith sábháilte ar an bhfeirm a mhíniú
- Na príomhrialacha sábháilteachta a liostú
- Contúirtí/guaiseacha ar an bhfeirm a aithint

## Na hábhair a chlúdaítear

- Comharthaí sábháilteachta
- Tarracóirí agus innealra
- Caochspotaí
- Cuadrothair agus Feithiclí Ilraoin
- Beostoc
- Ag titim ó arda
- Sciodar
- Trealamh cosanta pearsanta (TCP)
- An tábhacht a bhaineann le do lámha a ní
- Leideanna GrianChliste

**Tá tráth na gceist gearr ar fáil ag deireadh an chur i láthair chun cabhrú le guaiseacha ar an bhfeirm a aithint.**

**Tá acmhainní breise ar fáil ag deireadh na Treorach seo don Mhúinteoir.**

## Cur i láthair PowerPoint

| | |
|---|---|
| <br> | **Gan nótaí** |
| <br> | **Script:**<br>(Peter)<br>Dia dhaoibh, feirmeoirí an lae amárach. Tá fáilte romhaibh chuig ár dturas sábháilteachta feirme! Is mise Peadar, agus inniu ba mhaith liom go mbeadh sibh go léir in bhur saineolaithe ar shábháilteacht feirme.<br>(Guthú)<br>B’fhéidir gur as teaghlach feirmeoireachta thú, b’fhéidir go bhfuil cónaí ort ar fheirm nó b’fhéidir go dtugann tú cuairt ar ghaolta nó cairde ar a bhfeirm féin. Nó b’fhéidir go bhfuil cónaí ort in aice le feirm. Inniu beimid ag féachaint ar na guaiseacha ar an bhfeirm.<br>Is rud iontach é a bheith ag fás aníos ar fheirm, ach in Éirinn gortaíodh go leor leanaí a chónaíonn ar fheirmeacha agus fiú maraíodh iad, agus d’fhéadfaí na tionóiscí sin a sheachaint. Is breá linn go léir nuair a thagann cairde ar cuairt ach níl taithí ag roinnt leanaí ar fheirmeacha agus ní thuigeann siad na contúirtí.<br>Aimsigh áit shábháilte chun spraoi a bheith agat le do chairde. |




**Ceist:**

Cad iad cuid de na contúirtí a d’fhéadfá teacht orthu ar an bhfeirm?

Freagra: Tarracóirí, Innealra, Beocstoc, Titim ó Airde, Sciodar, Cuadrothair / Feithiclí Ilraoin.

**Eolas sa bhreis:**

- Le 10 mbliana anuas, i measc na dtimpistí feirme a raibh baint ag páistí leo bhí titim ó tharracóirí, bheith buailte ag tarracóirí nó innealra, nó titim ó áiteanna arda. (Is féidir tuilleadh eolais faoi chúis na dtimpistí a fháil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta).
- Tharla go leor timpistí tromchúiseacha le hainmhithe ar fheirmeacha freisin.
- Ní mór dúinn uile a bheith sábháilte ar fheirmeacha.




**Script:**

(Guthú)

San fhíseán seo, féachfaimid ar chomharthaí sábháilteachta agus ar thábhacht na maoirseachta ar an bhfeirm, na contúirtí a bhaineann le tarracóirí agus innealra, go háirithe maidir le caochspotaí, agus conas fanacht sábháilte timpeall ar bheostoc. Féachfaimid ar na contúirtí a bhaineann le titim ó airde, conas fanacht sábháilte timpeall ar sciodar, agus a thábhachtaí atá sé gan cuadrothair agus feithiclí ilraoin a úsáid. Labhróimid freisin faoi cé chomh tábhachtach is atá sé sláinteachas maith a bheith agat ar an bhfeirm agus a chinntiú go bhfuil tú ag caitheamh do threalamh cosanta pearsanta (TCP) agus

| | |
|---|---|
| | go bhfuil tú cliste leis an ngrian. |
|  | **Ceist:**<br>• Dar leis an gcomhartha seo, cad ba cheart nó nár cheart duit a dhéanamh?<br>• Cad a tharlódh dá ndéanfá neamhaird den chomhartha seo?<br><br>**Freagra:**<br>Dar leis an bhfógra sábháilteachta feirme, níor cheart duit dul thar an bpointe sin ná dul isteach ar an bhfeirm. Leagtar béim ann go bhfuil innealra agus beostoc i láthair. De ghnáth, feicfidh tú an comhartha seo ar gheata na feirme nó ar fhoirgneamh ag bealach isteach na feirme. |




**Gan nótaí**




**Script:**

(Guthú)

Is bréagán é seo. Bíonn spraoi againn leis. (Peter)

Féach ar mhéid an mheaisín seo. Ní bréagán é seo agus dá mbuailfeadh sé seo thú, dhéanfadh sé an oiread céanna damáiste agus a dhéanfadh bus dhá stór.

(Guthú)

Tiomáineann seaftaí astógála cumhachta innealra trom cosúil le corraitheoirí. Ba chóir go mbeadh an clúdach i gcónaí ar an seafta astógála cumhachta. D'fhéadfadh do chuid gruaige nó do chuid éadaí a bheith gafa san innealra.

An féidir leat a shamhlú cad a tharlódh?

Má fheiceann tú meaisín nó tarracóir ina bhfuil an t-inneall ar siúl agus mura bhfuil aon duine thart, seachain é. Agus déan cinnte go seachnóidh leanaí eile é freisin.

<table>
<tr>
<td>
</td>
<td>Gan nótaí</td>
</tr>
<tr>
<td>
</td>
<td>Gan nótaí</td>
</tr>
<tr>
<td>
</td>
<td>Script:<br>(Guthú)<br>Ó thuas sa chábán, breathnaíonn tú sách beag. Tá an tarracóir chomh mór agus chomh hard sin go bhfuil caochspota ollmhór timpeall air nach féidir leis an tiománaí tú a fheiceáil. Ní féidir leo tú a fheiceáil.<br>Bíonn tarracóirí glórach freisin. Nuair a bhíonn an tiománaí sa chábán agus an t-inneall ag rith, ní chloiseann siad tada. Agus mura féidir leat an tiománaí tú a chloisteáil ná a fheiceáil, níl aon rud is féidir leo a dhéanamh chun tú a sheachaint.</td>
</tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | Cuimhnigh, fiú má fheiceann tú an tiománaí, seans nach féidir leo tú a fheiceáil. Coinnigh achar sábháilte i gcónaí agus caith do chóta ard-infheictheachta. |
| <br> | **Ceist**:<br>• Cén fáth go bhfuil sé chomh contúirteach seasamh in aice le tarracóirí nuair a bhíonn siad ar siúl?<br><br>**Freagraí:**<br>• Má tá tú i do sheasamh i gcaochspotaí an tarracóra, ní féidir leis an tiománaí tú a fheiceáil.<br>• Tá tarracóirí agus innealra an-ghlórach. Fiú má ghlaonn tú amach, is dócha nach mbeidh an tiománaí in ann tú a chloisteáil agus nach mbeidh a fhios aige/aici go bhfuil tú ann.<br><br>**Eolas sa bhreis:**<br>Dúirt Peadar linn dá mbuailfeadh tarracóir muid, go ndéanfadh sé an oiread céanna damáiste agus a dhéanfadh bus dhá stór. Má fheiceann tú tarracóir nó meaisín ar an bhfeirm agus an t-inneall ar siúl, fan i bhfad uaidh agus déan cinnte go bhfanann leanaí eile amach freisin. Agus cuimhnigh, fiú má fheiceann tú an tiománaí, seans nach féidir leo tú a fheiceáil ná a chloisteáil. |

<table>
<tr>
<td>
</td>
<td>Script:<br>(Guthú)<br>Is cuadrothar é seo. Úsáidtear é le haghaidh obair feirme. Níl tú sean go leor ná láidir go leor chun é a oibriú. Chun cuadrothar a thiomáint, ní mór duit a bheith 16 bliana d’aois ar a laghad agus oilte go hiomlán chun cuadrothar a thiomáint agus ní mór duit clogad a chaitheamh. Níor cheart duit a bheith i do phaisinéir ar chuadrothar choíche.</td>
</tr>
<tr>
<td>
</td>
<td>Gan nótaí</td>
</tr>
</table>




**Script:**

(Guthú)

Is féidir le beostoc ar an bhfeirm a bheith contúirteach. Ní bheadh a fhios agat cad a dhéanfaidís! Caithfidh tú a bheith socair agus ciúin timpeall orthu. Cuimhnigh, tá siad i bhfad níos troime agus níos láidre ná tusa. D'fhéadfaidís tú a ghortú go dona dá mbraithfidís faoi bhagairt.

Is féidir le tarbh cuma ciúin a bheith air, ach is féidir leis casadh ort tráth ar bith. Is féidir leis rith ag 60 ciliméadar san uair agus tú a ghabháil go héasca. Is marfóir é.

(Peter)

Is ainmhí é capall a ritheann nuair a bhaintear geit as. Ba chóir duit teacht ar chapall ón taobh i gcónaí agus níor chóir duit druidim leis ón gcúl choíche mar d'fhéadfadh sé cic a thabhairt duit. Chomh maith leis sin, níor cheart duit druidim le capall ón tosaigh riamh agus tú ag dul isteach chaochspota.




**Ceist:**

- Cén beostoc agus ainmhithe eile a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfeirm?

**Freagraí:**

- Ba, tairbh, eallach, caoirigh, gabhair, muca, capaill, cait, madraí

**Ceist:**

- Cén ainmhithe atá contúirteach?

**Freagraí:**

- Tá na hainmhithe uile ar an bhfeirm contúirteach.

**Eolas sa bhreis:**

- Is féidir le beostoc amhail tairbh, ba, caoirigh nó muca a bheith contúirteach. Tá ba atá díreach tar éis lao a bhreith thar a bheith contúirteach.




**Aiseolas ar phictiúr a haon:**

- Cosnóidh ba a bhfuil laonna óga acu a n-óga i gcónaí. Níor cheart duit dul in aice le lao leis féin choíche mar ní bhíonn a mháthair i bhfad uaidh choíche. Má chuireann tú an lao ag béicíl, tiocfaidh an bhó ar ais ag rith chun a leanbh a chosaint. Tá sé mar an gcéanna leis an gcaoi a gcosnaíonn do thuismitheoirí thú. Níor cheart duit dul isteach i bpáirc le madra ná cat choíche mar go mbeidh na ba trína chéile agus d'fhéadfaidís ionsaí a dhéanamh ort.

**Aiseolas ar phictiúr a dó:**

| | |
|---|---|
| | Agus tú ag obair le hainmhithe feirme, bíonn an baol ann go mbrúitear, go n-ionsófar agus go gciceofar thú agus iad á mbogadh, á scaradh óna chéile nó á scaoileadh saor. Is é an baol is airde ná nuair a bhíonn ainmhithe á mbogadh, á scaradh agus á scaoileadh saor agus iad á luchtú agus á ndíluchtú. |
| | Nuair a bhíonn tú in aice le beostoc, bí san airdeall faoi do thimpeallacht. Is féidir le hainmhí atá faoi strus mór a bheith an-chontúirteach agus déanfaidh sé gach iarracht chun éalú, mar sin, fan amach as an gcró. |
|  | **Ceist:**<br>• Cén fáth a bhféadfadh coileáin nó piscíní a bheith contúirteach ar an bhfeirm?<br><br>**Freagraí:**<br>• Níor cheart duit coileán ná piscín a thabhairt leat riamh agus tú amuigh i measc ainmhithe feirme. D’fhéadfadh na hainmhithe feirme ionsaí a dhéanamh orthu, agus rachaidh an coileán nó an piscín chugat chun cosaint a fháil agus ansin, d’fhéadfadh na hainmhithe ionsaí a dhéanamh ort. |




**Script:**

(Guthú)

Ní bhíonn sé sábháilte a bheith ar siúl ar dhíon riamh. Déantar é chun an bháisteach a choinneáil amach, ní chun meáchan duine a iompar. Is bealach fada síos ón mbarr é. Ná bíodh cathú ort dréimirí, burlaí ná aon rud eile a dhreapadh.

Cuimhnigh, más féidir leat dreapadh suas air, is féidir leat titim de. Labhraíomar faoi bheith ag titim de rudaí, ach is féidir le rudaí titim orainn freisin.

| | |
|---|---|
|   | **Aiseolas ar phictiúr a haon:**<br>• Cuimhnigh, más féidir leat dreapadh suas air, is féidir leat titim de. Ná bíodh cathú ort dréimire, geata nó fál a dhreapadh. Ní gá duit titim i bhfad chun tú féin a ghortú.<br><br>**Aiseolas ar phictiúr a dó:**<br>• Is féidir le rudaí titim ort ar an bhfeirm freisin. Seachain aon rud atá carntha suas, e.g.; burlaí, boinn, geataí.<br><br>**Aiseolas ar phictiúr a trí:**<br>• D'fhéadfadh an geata titim ar an duine óg, toisc nach bhfuil sé ceangailte. |




**Script:**

(Guthú)

Sin an áit a dtéann an sciodar ar fad. Bailítear an salachar ó na hainmhithe i rith an gheimhridh. Is meascán de gháis é gás sciodair, lena n-áirítear suilfíd hidrigine.

Tá sé thar a bheith nimhiúil do dhaoine agus d’ainmhithe. Sin an rud a fhágann an boladh uafásach. Tá boladh lofa air!

Ná téigh isteach sa bhothán riamh agus an sciodar á mheascadh. Níl sé sábháilte. D’fhéadfádh an mhúch tú a shárú, agus d’fhéadfá titim trí dhúnpholl an umair. (Peter)

Is féidir le humair sciodair a bheith suas le 3 mhéadar ar doimhne. Sin trí huaire níos airde ná tusa. Má thiteann tú isteach, ní bheidh tú in ann teacht amach agus báthfar thú, agus ní chloisfidh aon duine thú. Agus má dhéanann duine iarracht cabhrú leat, seans go dtitfidh siad isteach freisin. Bí an-chúramach timpeall umar sciodair, go háirithe umar oscailte.







**Ceist:**

- Cé na dainséir atá anseo?

**Freagra:**

- Níor cheart don duine óg a bheith ag iarraidh an liathróid a bhailiú mar d'fhéadfaidís titim isteach agus iad féin a bhá.
- D'fhéadfadh an gás sciodair duine óg a shárú.
- D'fhéadfadh duine óg iarracht a dhéanamh seasamh ar an screamh agus titim tríd.
- D'fhéadfadh duine eile titim isteach agus é ag iarraidh iad a shábháil.
- **Ná téigh isteach i linn sciodair riamh, fan i bhfad uathu, lean rialacha agus comhairle ó dhuine fásta freagrach, ná téigh choíche chun liathróid ná bréagán a fháil má théann sé isteach i limistéar contúirteach.**

**Eolas sa bhreis:**

- Níor cheart duit dul isteach i bpoll sciodair oscailte ar chúis ar bith. Ná déan iarracht siúl ar an screamh. Ní bheidh sé in ann do mheáchan a choinneáil. Má tá cabhair uait timpeall ar pholl sciodair, cuir ceist ar dhuine fásta.
- Má fheiceann tú daoine fásta ag obair le sciodar, go háirithe agus sciodar á mheascadh le corraitheoir, fan i bhfad uaidh mar scaoileann sciodar gáis nuair a bhíonn sé measctha agus is féidir leo seo tú a dhéanamh tinn agus

| | |
|---|---|
| | fiú tú a mharú. Ná téigh isteach i mbothán ina bhfuil sciodar á mheascadh **choíche**. |




Íomhá 1- Léirítear linn sciodair atá cosanta i gceart.
Íomha 2- Léirítear pointe corraithe atá cosanta i gceart.

**Tá sé chomh tábhachtach go gclúdaítear umair sciodair i gcónaí.**
Bí cúramach - ní chlúdaítear gach umar agus linn sciodair.




**Ceist:**

- Cé na dainséir atá anseo?

**Freagra:**

- De réir mar a bhriseann an corraitheoir an screamh agus a mheascann sé an sciodar, scaoiltear gáis sciodair. Is féidir le hanáil amháin de ghás sciodair tú a mharú. Níor cheart go mbeadh aon duine in aice leis an bpoll sciodair nuair a bhíonn an sciodar á mheascadh ag an bhfeirmeoir.




**Aiseolas ar phictiúr a haon:**

- Is fearr i gcónaí fanacht amach ón gclós feirme, ach, má thugann tú cuairt ar chlós feirme le duine fásta freagrach, cuimhnigh do sheaicéad ard-infheictheachta a chaitheamh. Má chaitheann tú seaicéad ard-infheictheachta, beidh tú níos infheicthe ar an bhfeirm.

**Aiseolas ar phictiúr a dó:**

- Cosnaíonn lámhainní do lámha ar an bhfeirm.

**Aiseolas ar phictiúr a dó:**

| | |
|---|---|
| | • Tá bróga cearta tábhachtach ionas nach sleamhnóidh tú ná nach dtitfidh tú ar an bhfeirm. |
|  | **Gan nótaí** |
|  | **Script**<br>An bhfuil na leideanna GrianChliste ar eolas agat?<br>Cuir ort éadaí a chlúdaíonn do chraiceann, amhail léinte le muinchillí fada agus coiléar. Cuir uachtar gréine ar aon chuid den chraiceann a fhaigheann an ghrian. Bain úsáid as uachtar gréine le SPF 30 ar a laghad nó níos airde.<br>Cuir hata ort a bhfuil duilleog leathan air.<br>Lorg scáth – go háirithe má bhíonn tú amuigh idir 11am agus 3pm. Sin an uair a bhíonn an ghrian is láidre.<br>Cuir spéaclaí gréine ort chun do shúile a |

| | |
|---|---|
| | chosaint. |
|  | **Gan nótaí** |




**Ceist**

Cad ba cheart duit a dhéanamh agus tú ag tabhairt cuairt ar fheirm?

**Freagra**

b) Cead a iarraidh ar dhuine fásta freagrach




**Ceist**

Má fheiceann tú ainmhithe i bpáirc, cad ba cheart duit a dhéanamh?

**Freagra**

b) Fanacht amach as an bpáirc




**Ceist**

Cén aois a cheadaítear duit a bheith i do phaisinéir i gcábán tarracóra?

**Freagra**

a) Seacht mbliana d'aois




**Ceist**

Cad ba cheart duit a chaitheamh ar lá grianmhar?

**Freagra**

c) Uachtar gréine, hata le duilleog leathan agus spéaclaí gréine

| | |
|---|---|
|  | **Ceist**<br>D'fhéadfá tú féin a ghortú dá mbeifeá ag dreapadh ar cé acu díobh seo a leanas?<br><br>**Freagra**<br>d) Gach ceann de na roghanna thuas |
|  | **Ceist**<br>Agus tú ag teacht isteach ón bhfeirm, cad ba cheart duit a dhéanamh ar dtús i gcónaí?<br><br>**Freagra**<br>(c) Do lámha a ní |
|  | Cuir ceist ar na leanaí an féidir leo na contúirtí sa ghrianghraf a fheiceáil. |
|  | **Contúirtí**<br>• Duine a bhfuil lastóir (lasair oscailte) ina sheilbh aige in aice le burlaí féir nó tuí<br>• Ag spraoi ar na burlaí sa bhothán<br>• Leanbh ag dul timpeall sa leantóir<br>• Leanbh a bhfuil maide aige ag síneadh isteach san umar oscailte<br>• Geata oscailte agus tarbh ar tí siúl isteach sa chlós feirme |

<table>
<tr>
<td></td>
<td>

- Duine ag siúl os comhair an tarracóra, gan féachaint ar an tarracóir, ag croitheadh a láimhe suas chuig a chara ar an díon
- Rabhchán atá ag splancáil/solas ar iarraidh
- Ábhar an druma ag doirteadh amach ar an talamh
- Doras an stórais cheimicigh ar oscailt
- Duine óg ina shuí ar an díon
- Dréimire fágtha i gcoinne an dín

</td>
</tr>
<tr>
<td>




</td>
<td>

**Gan nótaí**

</td>
</tr>
</table>

## Acmhainní

Leabhar Leanaí - Is leabhar maisithe do leanaí é **Ag fanacht sábháilte ar an bhfeirm le Jessy** (40 leathanach) faoi shábháilteacht feirme. Ar fáil ag:
https://www.hsa.ie/eng/publications_and_forms/publications/agriculture_and_forestry/stay_safe_on_the_farm_with_jessy.pdf

Tugann **Bileog Eolais do Leanaí maidir le Sábháilteacht ar Fheirmeacha** (10 leathanach) comhairle do theaghlaigh feirme, do thuismitheoirí agus do leanaí ar fheirmeacha. Ar fáil ag:
https://www.hsa.ie/eng/publications_and_forms/publications/agriculture_and_forestry/children_and_safety_on_farms.pdf

Is bileog ghairid í **Bí ag Spraoi go Sábháilte, Fan Sábháilte ar an bhFeirm** (5 leathanach) a dearadh chun feasacht leanaí a mhúscailt faoi shábháilteacht ar an bhfeirm. Ar fáil ag:
https://www.hsa.ie/eng/publications_and_forms/publications/agriculture_and_forestry/play_safe,_stay_safe_on_the_farm.pdf

In **Na Contúirtí a bhaineann le Gás Sciodair - Is Féidir le hAnáil Amháin tú a Mharú** (físeán Youtube) léirítear cailín óg ag dul amach chuig a hathair, atá ag déanamh an sciodar a chorraí agus ag obair ar an bhfeirm, agus nuair a théann sí isteach sa bhothán, sáraíonn gáis sciodair í. Ar fáil ag:
https://www.youtube.com/watch?v=VGCo5h6D-gA&list=PLQPMBfIqHOLnuqfgCp5eKzTbi-1oEEoxg&index=2

## Is féidir tuilleadh acmhainní a fháil ar www.hsa.ie